www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2012**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

AH111

**DÉ LUAIN 16 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

1 **Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh an dóigh ar fhorbair Páirtí na Naitsithe ó 1924 go dtí Cliseadh Wall Street i nDeireadh Fómhair 1929. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an tionchar a bhí ag polasaithe na Naitsithe ar dhaoine óga sa tréimhse 1933–1939. [12]

2 Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Meath Phoblacht Weimar, 1930–Eanáir 1933**

**Foinse 1**
Sliocht as na Taifid Chomh-aireachta oifigiúla ó chruinniú idir Hermann Müller, Seansailéir Reich na Gearmáine, agus ceannairí na bpáirtithe sa chomhrialtas aige, 11 Nollaig 1929. Ba iad státseirbhísigh nach raibh baint acu le haon pháirtí polaitíochta ar bith a scríobh na taifid chomh-aireachta. Cúig pháirtí polaitíochta a bhí ann in "Ard-chomhrialtas" Müller, ar a n-áirítear na Daonlathaithe Sóisialta (SPD), Daonlathaithe na Gearmáine (DDP) agus an Páirtí Láir (Z).

> D'iarr Müller, Seansailéir an Reich, ar urlabhraithe na bpáirtithe a mbarúlacha a lua maidir le clár airgeadais molta an rialtais chun na hiarmhairtí a bhain leis na fadhbanna troma eacnamaíocha a bhí ag an tír a shárú. Dúirt an t-urlabhraí SPD nár léir dó go bhféadfaí ceangaltas a thabhairt don chlár airgeadais. Dúirt ceannaire an DDP nach bhféadfadh an páirtí aigesean gealltanas a thabhairt go fóill go mbeadh sé ag tacú leis an rialtas. Ní fhéadfadh an páirtí aige aontú go deo leis na bearta éigeandála. Dúirt ionadaí Brüning (Z) gur aontaigh an páirtí aigesean leis an chlár airgeadais ar bhonn ginearálta, ach páirtithe eile an rialtais é a fhaomhadh chomh maith. Thug Seansailéir an Reich le fios nár éirigh leis go fóill tacaíocht na bpáirtithe eile a fháil ar son an rialtais. Cionn is nach bhféadfaí aontú ar bith a fháil ar na ceisteanna conspóideacha sa phlé ina dhiaidh sin, d'fhógair Seansailéir an Reich go dtiocfadh an Chomh-aireacht ar chinneadh faoin chás a bhí ann mar gheall ar an seasamh diúltach a ghlac na páirtithe.

www.xtrapapers.com

**Foinse 2**
Sliocht as óráid a thug Franz von Papen, Seansailéir Reich na Gearmáine, do Chomhdháil in Lausanne, 16 Meitheamh–9 Iúil 1932.

> Is í an phríomhthréith a bhaineann leis an chás eacnamaíoch sa Ghearmáin ná rátaí arda úis a dhéanann dochar mór don talmhaíocht agus don tionscal araon. Chomh maith leis seo, tá ualach mór cánachais ar mhuintir na Gearmáine agus cuireadh cánacha eile i bhfeidhm le cúpla lá anuas. Tá an Ghearmáin á crá chomh maith ag na fiacha eachtracha atá uirthi. Is mó dífhostaíocht atá ann ná in aon tír eile; tá tuairim is 20–25 faoin chéad den lucht oibre dífhostaithe agus is ualach ollmhór ar an chiste phoiblí é seo. Tá an cúlchiste i mBanc Feidearálach na Gearmáine ídithe. Tá muinín mhórchuid mhuintir na Gearmáine buailte go mór mar gheall ar an ghéarchéim eacnamaíoch seo.

**Foinse 3**
Sliocht le Geoff Layton, *Weimar and the Rise of Nazi Germany*, arna fhoilsiú in 2005.

> Ar deireadh, ba é tionchar an spealta dhomhanda a threisigh na brúnna ba chúis le géarchéim dheiridh Weimar. Ba é an dóigh ar ceapadh Brüning agus an cinneadh aigesean an tír a rialú de réir foraithne éigeandála a chruthaigh córas ar leith de rialtas uachtaránachta. Bhain sé seo an bonn de chóras Weimar agus níorbh fhada ina dhiaidh sin gur éirigh leis na Naitsithe sna toghcháin. Ón am sin amach, ba bheag an seans a bhí ann go mairfeadh an daonlathas. Mhair an daonlathas, ach é ag lagú an t-am go léir, go dtí Iúil 1932. Le fírinne, áfach, bhí sé soiléir ó shamhradh 1930 nach raibh rath i ndán do riail dhaonlathach Weimar na Gearmáine.

*© Weimar and the Rise of Nazi Germany by Geoff Layton, published by Hodder Murray, 2005*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí atá sé mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar na tosca ba chúis le cliseadh rialtas Müller i Márta 1930? [13]

**(b)** Na foinsí **uilig agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas an fhírinne atá sa tuairim gurbh é tionchar an spealta a thosaigh i nDeireadh Fómhair 1929 ba chúis le meath Phoblacht Weimar sa tréimhse ó 1930 go dtí 30 Eanáir 1933.

[35]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.